



Uimhir 24 de 2012

**AN tACHT UM CHEARTAS COIRIÚIL (FAISNÉIS FAOI
CHIONTA IN AGHAIDH LEANAÍ AGUS DAOINE
SOGHONTA A CHOIMEÁD SIAR), 2012**

[An tiontú oifigiúil]

RIAR NA nALT

Alt

1. Léiriú.
2. Cion arb éard é faisnéis faoi chionta áirithe in aghaidh leanaí a choimeád siar.
3. Cion arb éard é faisnéis faoi chionta áirithe in aghaidh daoine soghonta a choimeád siar.
4. Cosaintí in aghaidh ciona faoi *alt 2* nó *3*.
5. Eagraíochtaí forordaithe.
6. Daoine forordaithe.
7. Pionóis.
8. Leasú ar alt 9 den Acht um Chiontaí in aghaidh an Stáit (Leasú), 1998.
9. Leasú ar alt 16(2) den Acht um Cheartas Coiriúil (Ciorrú Ball Giniúna Baineann), 2012.
10. Orduithe.
11. Caiteachais.
12. Gearrtheideal agus tosach feidhme.

SCEIDEAL 1

Cionta in aghaidh leanaí chun críocha ciona faoi alt 2

SCEIDEAL 2

Cionta in aghaidh daoine soghonta chun críocha ciona faoi alt 3

[Uimh. 24.] *An tAcht um Cheartas Coiriúil (Faisnéis [2012.] faoi Chionta in Aghaidh Leanaí agus Daoine Soghonta a Choimeád Siar), 2012.*

NA HACHTANNA DÁ DTAGRÁITEAR

| | |
|---|----------------|
| An tAcht um Gháinneáil ar Leanaí agus Pornagrafaíocht Leanaí, 1998 | 1998, Uimh. 22 |
| Acht na Leanaí, 2001 | 2001, Uimh. 24 |
| An tAcht um Páirtnéireacht Shibhialta agus um Chearta agus Oibleagáidí Áirithe de chuid Comhchónaitheoirí, 2010 | 2010, Uimh. 24 |
| An tAcht um Cheartas Coiriúil, 2006 | 2006, Uimh. 26 |
| An tAcht um Cheartas Coiriúil (Ciorrú Ball Giniúna Baineann), 2012 | 2012, Uimh. 11 |
| An tAcht um an Dlí Coiriúil (Gáinneáil ar Dhaoine), 2008 | 2008, Uimh. 8 |
| An tAcht um an Dlí Coiriúil (Banéigean) (Leasú), 1990 | 1990, Uimh. 32 |
| An tAcht um an Dlí Coiriúil (Cionta Gnéasacha), 1993 | 1993, Uimh. 20 |
| An tAcht um an Dlí Coiriúil (Cionta Gnéasacha), 2006 | 2006, Uimh. 15 |
| An tAcht um an Dlí Coiriúil, 1997 | 1997, Uimh. 14 |
| An tAcht um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh, 2005 | 2005, Uimh. 27 |
| Acht na Lia-Chleachtóirí, 2007 | 2007, Uimh. 25 |
| An tAcht um Chionta Neamh-Mharfacha in aghaidh an Duine, 1997 | 1997, Uimh. 26 |
| Acht na nAltraí agus na gCnámhseach, 2011 | 2011, Uimh. 41 |
| An tAcht um Chiontaí in aghaidh an Stáit (Leasú), 1998 | 1998, Uimh. 39 |
| <i>Punishment of Incest Act</i> , 1908 | 8 Edw. 7, c.45 |
| An tAcht um Chionta Gnéasacha (Dlínse), 1996 | 1996, Uimh. 38 |



Uimhir 24 de 2012

**AN tACHT UM CHEARTAS COIRIÚIL (FAISNÉIS FAOI
CHIONTA IN AGHAIDH LEANAÍ AGUS DAOINE
SOGHONTA A CHOIMEÁD SIAR), 2012**

[An tiontú oifigiúil]

ACHT DO DHÉANAMH SOCRÚ, I dTACA LE LEANAÍ AGUS AOSAIGH SHOGHONTA ÁIRITHE A CHOSAINT, MAIDIR LE CIONTA ARB ÉARD IAD FAISNÉIS A CHOIMEÁD SIAR A BHAINNEANN LE CIONTA INGHABHÁLA ÁIRITHE (LENA nÁIRÍTEAR CIONTA GNÉASACHA ÁIRITHE) A DHÉANAMH IN AGHAIDH LEANAÍ, NÓ MAIDIR LE CIONTA INGHABHÁLA ÁIRITHE (LENA nÁIRÍTEAR CIONTA GNÉASACHA ÁIRITHE) A DHÉANAMH IN AGHAIDH AOSAIGH DEN SÓRT SIN, IN IMTHOSCA ÁIRITHE; DO DHÉANAMH SOCRÚ MAIDIR LE hALT 9 DEN ACHT UM CHIONTAÍ IN AGHAIDH AN STÁIT (LEASÚ), 1998 A LEASÚ; DO LEASÚ ALT 16 DEN ACHT UM CHEARTAS COIRIÚIL (CIORRÚ BALL GINIÚNA BAINEANN), 2012; AGUS DO DHÉANAMH SOCRÚ I dTAOBH NITHE GAOLMHARA.
[18 Iúil 2012]

ACHTAÍTEAR AG AN OIREACHTAS MAR A LEANAS:

1.—(1) San Acht seo—

Léiriú.

tá le “cion inghabhála” an bhrí atá leis in alt 2 den Acht um an Dlí Coiriúil, 1997;

ciallaíonn “leanbh” duine nach bhfuil 18 mbliana d’aois slánaithe aige nó aici;

ciallaíonn “Aire” an tAire Dlí agus Cirt agus Comhionannais;

ciallaíonn “forordaithe” forordaithe le hordú arna dhéanamh ag an Aire faoi *alt 10*;

ciallaíonn “cion de chuid Sceideal 1” cion is cion inghabhála agus a shonraítear i *Sceideal 1*;

ciallaíonn “cion de chuid Sceideal 2” cion is cion inghabhála agus a shonraítear i *Sceideal 2*;

ciallaíonn “duine soghonta” duine (lena n-áirítear, a mhéid atá na cionta a shonraítear i *mír 8 de Sceideal 2* i gceist, leanbh atá 17 mbliana d’aois)—

A.1

[*Uimh. 24.*] *An tAcht um Cheartas Coiriúil (Faisnéis [2012.] faoi Chionta in Aghaidh Leanáí agus Daoine Soghonta a Choimeád Siar), 2012.*

(a) a bhfuil—

(i) neamhord aigne air nó uirthi, cibé acu de dheasca tinneas meabhrach nó néaltrú, nó

(ii) míchumas intleachtúil air nó uirthi,

ar de chineál nó de chéim é a chuireann mórshrian ar chumas an duine a bheith san airdeall roimh theacht i dtír tromchúiseach nó roimh dhrochúsáid, cibé acu fisiciúil nó gnéasach, arna dhéanamh nó arna déanamh ag duine eile, nó

(b) a bhfuil mallachar coirp marthanach nó díobháil choirp mharthanach air nó uirthi ar de chineál nó de chéim é nó í a chuireann mórshrian ar chumas an duine a bheith san airdeall roimh theacht i dtír tromchúiseach nó roimh dhrochúsáid, cibé acu fisiciúil nó gnéasach, arna dhéanamh nó arna déanamh ag duine eile nó teacht i dtír nó drochúsáid den sórt sin nó iad araon a thuairisciú don Gharda Síochána.

(2) San Acht seo, folóidh tagairtí do chion de chuid Sceideal 1 nó cion de chuid Sceideal 2—

(a) tagairtí do chion arb éard é a bheith páirteach mar chomhchoirí de chuid duine a dhéanann cion de chuid Sceideal 1 nó cion de chuid Sceideal 2, de réir mar a bheidh, agus

(b) tagairtí do chion arb éard é iarracht nó comhcheilg a dhéanamh, nó gríosú a dhéanamh, cion de chuid Sceideal 1 nó cion de chuid Sceideal 2, de réir mar a bheidh, a dhéanamh,

ach ní fholóidh sé cion den sórt sin arb éard é a bheith páirteach, nó iarracht, comhcheilg nó gríosú a dhéanamh, de réir mar a bheidh, mura cion inghabhála é.

(3) San Acht seo, folóidh tagairtí do chion a dhéanamh in aghaidh linbh nó duine shoghonta, i gcás aon cheann de na cionta de chineál gnéasach a shonraítear i *Sceideal 1* nó *Sceideal 2*, tagairtí do chásanna inarbh é nó í an leanbh nó an duine soghonta an páirtí eile sa chion (seachas an duine a rinne é).

Cion arb éard é faisnéis faoi chionta áirithe in aghaidh leanáí a choimeád siar.

2.—(1) Faoi réir an ailt seo, beidh duine ciontach i gcion más rud é—

(a) gurb eol dó nó di nó go gcreideann sé nó sí cion, is cion de chuid Sceideal 1, a bheith déanta ag duine eile in aghaidh linbh, agus

(b) go mbeidh faisnéis aige nó aici ar faisnéis í arb eol dó nó di, nó a gcreideann sé nó sí ina leith, go bhféadfadh sí a bheith ina cúnaimh ábhartha maidir le gabháil, ionchúiseamh nó ciontú an duine eile sin mar gheall ar an gcion sin a áirithiú,

agus go mainneoidh sé nó sí gan leithscéal réasúnach an fhaisnéis sin a nochtadh a luaithe is indéanta déanamh amhlaidh do chomhalta den Gharda Síochána.

[2012.] *An tAcht um Cheartas Coiriúil (Faisnéis [Uimh. 24.] faoi Chionta in Aghaidh Leanáí agus Daoine Soghonta a Choimeád Siar)*, 2012.

A.2

(2) Ní bheidh feidhm ag *fo-alt (1)* ach amháin maidir le faisnéis a fhaigheann duine, a ghlacann duine nó a dtagann duine ar an eolas maidir léi tar éis an tAcht seo a rith is cuma cé acu a rinneadh an cion lena mbaineann de chuid Sceideal 1 roimh an Acht seo a rith nó dá éis.

(3) Maidir leis an leanbh ar ina aghaidh nó ina haghaidh a rinneadh an cion lena mbaineann de chuid Sceideal 1 (cibé acu an leanbh é nó í fós nó nach ea), ní bheidh sé nó sí ciontach i gcion faoin alt seo.

(4) Ní dochar an t-alt seo d'aon cheart ná d'aon phribhléid a eascróidh in aon imeachtaí coiriúla de bhua aon rialach dlí nó achtacháin eile a thugann teideal do dhuine diúltú faisnéis a nochtadh.

(5) D'fhonn amhras a sheachaint, dearbhaítear leis seo, maidir leis an oibleagáid a fhorchuirtear ar dhuine le *fo-alt (1)* faisnéis atá aige nó aici a nochtadh do chomhalta den Gharda Síochána, gur oibleagáid í i dteannta, agus ní in ionad, aon oibleagáide eile atá ar an duine an fhaisnéis sin a nochtadh don Gharda Síochána nó d'aon duine eile, ach ní cheanglófar leis an bhfo-alt sin ar an duine céadluaite an fhaisnéis sin a nochtadh don Gharda Síochána níos mó ná uair amháin.

3.—(1) Faoi réir an ailt seo, beidh duine ciontach i gcion, más rud é—

Cion arb éard é faisnéis faoi chionta áirithe in aghaidh daoine soghonta a choimeád siar.

(a) gurb eol dó nó di nó go gcreideann sé nó sí cion, is cion de chuid Sceideal 2, a bheith déanta ag duine eile in aghaidh duine shoghonta, agus

(b) go mbeidh faisnéis aige nó aici ar faisnéis í arb eol dó nó di, nó a gcreideann sé nó sí ina leith, go bhféadfadh sí a bheith ina cúnaimh ábhartha maidir le gabháil, ionchúiseamh nó ciontú an duine eile sin mar gheall ar an gcion sin a áirithiú,

agus go mainneoidh sé nó sí gan leithscéal réasúnach an fhaisnéis sin a nochtadh a luaithe is indéanta déanamh amhlaidh do chomhalta den Gharda Síochána.

(2) Ní bheidh feidhm ag *fo-alt (1)* ach amháin maidir le faisnéis a fhaigheann duine, a ghlacann duine nó a dtagann duine ar an eolas maidir léi tar éis an tAcht seo a rith is cuma cé acu a rinneadh an cion lena mbaineann de chuid Sceideal 2 roimh an Acht seo a rith nó dá éis.

(3) Maidir leis an duine soghonta ar ina aghaidh nó ina haghaidh a rinneadh an cion lena mbaineann de chuid Sceideal 2 (cibé acu an duine soghonta é nó í fós nó nach ea), ní bheidh sé nó sí ciontach i gcion faoin alt seo.

(4) Ní dochar an t-alt seo d'aon cheart ná d'aon phribhléid a eascróidh in aon imeachtaí coiriúla de bhua aon rialach dlí nó achtacháin eile a thugann teideal do dhuine diúltú faisnéis a nochtadh.

(5) D'fhonn amhras a sheachaint, dearbhaítear leis seo, maidir leis an oibleagáid a fhorchuirtear ar dhuine le *fo-alt (1)* faisnéis atá aige nó aici a nochtadh do chomhalta den Gharda Síochána, gur

A.3

[*Uimh. 24.*] *An tAcht um Cheartas Coiriúil (Faisnéis [2012.] faoi Chionta in Aghaidh Leanaí agus Daoine Soghonta a Choimeád Siar), 2012.*

oibleagáid í i dteannta, agus ní in ionad, aon oibleagáide eile atá ar an duine an fhaisnéis sin a nochtadh don Gharda Síochána nó d'aon duine eile, ach ní cheanglófar leis an bhfo-alt sin ar an duine céadluaite an fhaisnéis sin a nochtadh don Gharda Síochána níos mó ná uair amháin.

Cosaintí in aghaidh ciona faoi *alt 2* nó *3*.

4.—(1) Faoi réir an ailt seo, in aon imeachtaí i leith ciona faoi *alt 2* nó *3*, is cosaint é don duine cúisithe a shuíomh—

(a) go ndearna an leanbh nó an duine soghonta ar ina aghaidh nó ina haghaidh a rinneadh an cion lena mbaineann de chuid Sceideal 1 nó an cion lena mbaineann de chuid Sceideal 2, de réir mar a bheidh, a thuairim nó a tuairim a chur i bhfios (ar choinníoll go raibh ar a chumas nó ar a cumas teacht ar thuairim maidir leis an ní) nár cheart déanamh an chiona sin, ná faisnéis a bhaineann leis, a nochtadh don Gharda Síochána, agus

(b) go raibh sé nó sí (an duine cúisithe) ar an eolas faoin tuairim sin agus gur bhraith sé nó sí uirthi.

(2) Gan dochar do cheart an linbh nó an duine shoghonta ar ina aghaidh nó ina haghaidh a rinneadh an cion lena mbaineann de chuid Sceideal 1 nó an cion lena mbaineann de chuid Sceideal 2, de réir mar a bheidh, déanamh an chiona sin, nó faisnéis a bhaineann leis, a nochtadh don Gharda Síochána, toimhdeofar chun críocha *fho-alt (1)*, mura súffear a mhalairt, más rud é—

(a) nach bhfuil 14 bliana d'aois slánaithe ag an leanbh lena mbaineann, nó

(b) go dtagann an duine soghonta lena mbaineann faoi réim *mhír (a)* den mhíniú ar dhuine soghonta in *alt 1(1)* (cibé acu a thagann nó nach dtagann sé nó sí faoi réim *mhír (b)* den mhíniú sin),

nach bhfuil ar a chumas nó ar a cumas teacht ar thuairim i dtaobh ar chóir déanamh an chiona sin, nó faisnéis a bhaineann leis, a nochtadh don Gharda Síochána.

(3) Más rud é—

(a) i gcás linbh dá dtagraítear i *mír (a) d'fho-alt (2)*, nó

(b) i gcás duine shoghonta dá dtagraítear i *mír (b)* den *fho-alt* sin,

nach ndéanfar an toimhde san *fho-alt* sin a fhrisnéis, ansin, féadfaidh duine cúisithe aon cheann de na cosaintí dá bhforáiltear i *bhfo-ailt (4), (5)* agus *(8)* a thabhairt in aon imeachtaí i leith ciona faoi *alt 2* nó *3* de réir cibé ceann de na fo-ailt sin a mbeidh feidhm leo.

(4) Faoi réir *fho-ailt (6)* agus *(7)*, in aon imeachtaí i leith ciona faoi *alt 2* nó *3*, is cosaint é don duine cúisithe a shuíomh, sna himthosca a shonraítear i *bhfo-alt (3)*—

(a) go ndearna duine de thuismitheoirí nó de chaomhnóirí an linbh nó an duine shoghonta lena mbaineann ar ina aghaidh nó ina haghaidh a rinneadh an cion lena mbaineann de chuid Sceideal 1 nó an cion lena mbaineann de chuid Sceideal 2, de réir mar a bheidh, a

[2012.] *An tAcht um Cheartas Coiriúil (Faisnéis [Uimh. 24.] faoi Chionta in Aghaidh Leanaí agus Daoine Soghonta a Choimeád Siar)*, 2012.

A.4

thuairim nó a tuairim a chur i bhfios, thar ceann an linbh sin nó an duine shoghonta sin, nár cheart déanamh an chiona sin, ná faisnéis a bhaineann leis, a nochtadh don Gharda Síochána, agus

(b) go raibh sé nó sí (an duine cúisithe) ar an eolas faoin tuairim sin agus gur bhraith sé nó sí uirthi.

(5) Faoi réir *fho-ailt (6)* agus (7), in aon imeachtaí i leith ciona faoi *alt 2* nó *3*, is cosaint é do dhuine de thuismitheoirí nó de chaomhnóirí linbh nó duine shoghonta ar ina aghaidh nó ina haghaidh a rinneadh cion de chuid Sceideal 1 nó cion de chuid Sceideal 2, de réir mar a bheidh, a shuíomh, sna himthosca a shonraítear i *bhfo-alt (3)*, gur tháinig sé nó sí ar an tuairim, thar ceann an linbh sin nó an duine shoghonta sin, nár cheart déanamh an chiona sin, ná faisnéis a bhaineann leis, a nochtadh don Gharda Síochána.

(6) Ní bhunófar an chosaint dá bhforáiltear i *bhfo-alt (4)* nó (5) ach amháin más rud é go raibh forais réasúnacha ag an tuismitheoir nó ag an gcaomhnóir lena mbaineann chun teacht ar an tuairim lena mbaineann thar ceann an linbh nó an duine shoghonta lena mbaineann agus, le linn dó nó di déanamh amhlaidh, gur ghníomhaigh sé nó sí agus go bhfuil sé nó sí ag leanúint de bheith ag gníomhú *bona fide* ar mhaithe le leas an linbh sin nó an duine shoghonta sin.

(7) Ní bheidh feidhm ag an gcosaint dá bhforáiltear i *bhfo-alt (4)* nó (5) más rud é, maidir le tuismitheoir nó caomhnóir an linbh nó an duine shoghonta lena mbaineann a tháinig ar an tuairim nár cheart déanamh an chiona lena mbaineann de chuid Sceideal 1 nó an chiona lena mbaineann de chuid Sceideal 2, de réir mar a bheidh, ná faisnéis a bhaineann leis, a nochtadh don Gharda Síochána, gur duine é nó í de theaghlach an duine arb eol nó a gcreidtear ina leith go ndearna sé nó sí an cion sin de chuid Sceideal 1 nó an cion sin de chuid Sceideal 2, de réir mar a bheidh.

(8) Faoi réir *fho-alt (11)*, in aon imeachtaí i leith ciona faoi *alt 2* nó *3*, is cosaint é don duine cúisithe (lena n-áirítear duine de thuismitheoirí nó de chaomhnóirí an linbh nó an duine shoghonta lena mbaineann) a shuíomh, sna himthosca a shonraítear i *bhfo-alt (3)* ach i gcás go bhfuil feidhm ag *fo-alt (7)* maidir leis an tuismitheoir nó leis an gcaomhnóir lena mbaineann—

(a) go ndearna comhalta de ghairm ainmnithe a sholáthair nó a sholáthraíonn seirbhísí don leanbh nó don duine shoghonta lena mbaineann i ndáil leis an díobháil, an dochar nó an damáiste a rinneadh dó nó di de dheasca an chiona lena mbaineann de chuid Sceideal 1 nó an chiona lena mbaineann de chuid Sceideal 2, de réir mar a bheidh, a thuairim nó a tuairim a chur i bhfios, thar ceann an linbh sin nó an duine shoghonta sin, nár cheart déanamh an chiona sin, ná faisnéis a bhaineann leis, a nochtadh don Gharda Síochána, agus

(b) go raibh sé nó sí (an duine cúisithe) ar an eolas faoin tuairim sin agus gur bhraith sé nó sí uirthi.

(9) Maidir le duine de thuismitheoirí nó de chaomhnóirí linbh nó duine shoghonta nó comhalta de ghairm ainmnithe, déanfaidh sé nó sí, chun breithniú a dhéanamh thar ceann an linbh nó an duine shoghonta i dtaobh ar cheart nó nár cheart déanamh an chiona lena

[*Uimh. 24.*] *An tAcht um Cheartas Coiriúil (Faisnéis [2012.] faoi Chionta in Aghaidh Leanaí agus Daoine Soghonta a Choimeád Siar), 2012.*

mbaineann de chuid Sceideal 1 nó an chiona lena mbaineann de chuid Sceideal 2, de réir mar a bheidh, in aghaidh an linbh sin nó an duine shoghonta sin, nó faisnéis a bhaineann leis, a nochtadh don Gharda Síochána, a mhéid is indéanta, aird a thabhairt ar mhianta an linbh sin nó an duine shoghonta sin.

(10) Faoi réir *fho-alt (11)*, in aon imeachtaí i leith ciona faoi *alt 2* nó *3*, is cosaint é don duine cúisithe is comhalta de ghairm ainmnithe a shuíomh—

- (a) gur comhalta de ghairm ainmnithe é nó í a sholáthair nó a sholáthraíonn seirbhísí don leanbh nó don duine soghonta lena mbaineann i ndáil leis an díobháil, an dochar nó an damáiste a rinneadh dó nó di de dheasca an chiona lena mbaineann de chuid Sceideal 1 nó an chiona lena mbaineann de chuid Sceideal 2, de réir mar a bheidh, agus
- (b) gur tháinig sé nó sí ar an tuairim, i ndáil leis an leanbh sin nó an duine soghonta sin, nár cheart déanamh an chiona sin, ná faisnéis a bhaineann leis, a nochtadh don Gharda Síochána.

(11) Ní bhunófar an chosaint dá bhforáiltear i *bhfo-alt (8)* nó *(10)* ach amháin más rud é—

- (a) go raibh forais réasúnacha ag an gcomhalta den ghairm ainmnithe lena mbaineann chun teacht ar an tuairim lena mbaineann i ndáil leis an leanbh nó an duine soghonta lena mbaineann chun sláinte agus dea-bhail an linbh sin nó an duine shoghonta sin a chosaint, agus
- (b) maidir leis an gcomhalta den ghairm ainmnithe lena mbaineann, le linn dó nó di teacht ar an tuairim sin i ndáil leis an leanbh nó an duine soghonta lena mbaineann, de réir mar a bheidh—
 - (i) gur ghníomhaigh sé nó sí agus go leanann sé nó sí de bheith ag gníomhú ar mhodh, agus
 - (ii) gur fheidhmigh sé nó sí na caighdeáin chleachtais agus chúraim agus go leanann sé nó sí de bheith ag feidhmiú na gcaighdeán cleachtais agus cúraim,

a bhféadfaí a bheith ag súil leis nó leo le réasún ó chomhalta den ghairm sin le linn dó nó di teacht ar thuairim den sórt sin sna himthosca lena mbaineann.

(12) Faoi réir *fho-alt (13)*, in aon imeachtaí i leith ciona faoi *alt 2* nó *3*, is cosaint é don duine cúisithe is duine forordaithe a shuíomh—

- (a) gur duine forordaithe é nó í atá ar fostú nó ar fruiliú ar shlí eile ag eagraíocht fhorordaithe a sholáthair nó a sholáthraíonn seirbhísí don leanbh nó don duine soghonta lena mbaineann i ndáil leis an díobháil, an dochar nó an damáiste a rinneadh dó nó di de dheasca an chiona lena mbaineann de chuid Sceideal 1 nó an chiona lena mbaineann de chuid Sceideal 2, de réir mar a bheidh, agus
- (b) gur tháinig sé nó sí ar an tuairim, i ndáil leis an leanbh sin nó i ndáil leis an duine soghonta sin, nár cheart déanamh

[2012.] *An tAcht um Cheartas Coiriúil (Faisnéis [Uimh. 24.] faoi Chionta in Aghaidh Leanáí agus Daoine Soghonta a Choimeád Siar)*, 2012.

A.4

an chiona sin, ná faisnéis a bhaineann leis, a nochtadh don Gharda Síochána.

(13) Ní bhunófar an chosaint dá bhforáiltear i *bhfo-alt (12)* ach amháin más rud é—

- (a) go raibh forais réasúnacha ag an duine forordaithe lena mbaineann chun teacht ar an tuairim lena mbaineann i ndáil leis an leanbh nó an duine soghonta lena mbaineann chun sláinte agus dea-bhail an linbh sin nó an duine shoghonta sin a chosaint, agus
- (b) maidir leis an duine forordaithe lena mbaineann, le linn dó nó di teacht ar an tuairim sin i ndáil leis an leanbh nó an duine soghonta lena mbaineann, de réir mar a bheidh—
 - (i) gur ghníomhaigh sé nó sí agus go leanann sé nó sí de bheith ag gníomhú ar mhodh, agus
 - (ii) gur fheidhmigh sé nó sí na caighdeáin chleachtais agus chúraim agus go leanann sé nó sí de bheith ag feidhmiú na gcaighdeán cleachtais agus cúraim,a bhféadfaí a bheith ag súil leis nó leo le réasún ó dhuine forordaithe le linn dó nó di teacht ar thuairim den sórt sin sna himthosca lena mbaineann.

(14) Ní dochar an t-alt seo d'aon chosaint eile a aithnítear le dlí mar chosaint ar chúiseamh coiriúil a bheidh ar fáil do dhuine a chúisítear i gcion faoi *alt 2* nó *3*.

(15) San alt seo—

ciallaíonn “Acht 2005” an tAcht um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh, 2005;

ciallaíonn “duine den teaghlach” i ndáil le duine—

- (a) tuismitheoir, seanathair nó seanmháthair, leanbh, deartháir, deirfiúr, nia, neacht, uncail nó aintín, lánfhola nó leathfhola nó ó chleamhnas, leis an duine,
- (b) céile, páirtneir sibhialta de réir bhrí an Achta um Páirtneireacht Sibhialta agus um Chearta agus Oibleagáidí Áirithe de chuid Comhchónaitheoirí, 2010 nó páirtneir comhchónaitheach an duine,
- (c) aon duine eile is duine de theaghlach an duine de ghnáth, nó
- (d) aon leanbh a cuireadh faoi chúram altrama leis an duine nó le haon duine dá dtagraítear i *míreanna (a)* go *(c)*;

ciallaíonn “comhalta de ghairm ainmnithe”—

- (a) lia-chleachtóir cláraithe de réir bhrí alt 2 d’Acht na Lia-Chleachtóirí, 2007,
- (b) altra cláraithe nó cnáimhseach chláraithe, iad araon de réir bhrí alt 2 d’Acht na nAltraí agus na gCnáimhseach, 2011,

A.4

[*Uimh. 24.*] *An tAcht um Cheartas Coiriúil (Faisnéis [2012.] faoi Chionta in Aghaidh Leanaí agus Daoine Soghonta a Choimeád Siar), 2012.*

- (c) síceolaí agus, tar éis an clár de chomhaltaí síceolaithe a bhunú faoi alt 36 d’Acht 2005, duine a bhfuil a ainm nó a hainm taifeadta ar an gclár sin, agus duine den sórt sin amháin, nó
- (d) oibrí sóisialach a bhfuil a ainm nó a hainm taifeadta ar an gclár de chomhaltaí oibrithe sóisialacha arna bhunú agus arna chothabháil faoi alt 36 d’Acht 2005;

ciallaíonn “eagraíocht fhorordaithe” eagraíocht nó comhlacht arna forordú nó arna fhorordú ag an Aire faoi *alt 5*;

ciallaíonn “duine forordaithe”, i ndáil le heagraíocht fhorordaithe, duine d’aicme daoine arna forordú ag an Aire faoi *alt 6*;

ciallaíonn “seirbhísí”—

- (a) i ndáil le comhalta de ghairm ainmnithe, seirbhísí a bhaineann le—
 - (i) sláinte nó dea-bhail daoine dá soláthraítear na seirbhísí a chaomhnú nó a fheabhsú,
 - (ii) fáthmheas a dhéanamh ar dhaoine a ndearnadh díobháil, dochar nó damáiste dóibh, nó cóireáil a chur orthu nó cúram a thabhairt dóibh,
 - (iii) fadhbanna pearsanta, sóisialta nó síceolaíoch a réiteach, trí bhíthin treorach nó comhairliúcháin nó ar shlí eile,
 - (iv) cúram a thabhairt do dhaoine a bhfuil gá acu le cosaint, treoir nó tacaíocht,
- agus
- (b) i ndáil le heagraíocht fhorordaithe, seirbhísí a bhaineann le—
 - (i) fadhbanna pearsanta, sóisialta nó síceolaíoch a réiteach, trí bhíthin treorach nó comhairlithe nó ar shlí eile,
 - (ii) cúram a thabhairt do dhaoine a bhfuil gá acu le cosaint, treoir nó tacaíocht,

agus, i gceachtar cás, is seirbhísí a n-éilítear ar dhuine a sholáthraíonn iad scil nó breithiúnas a fheidhmiú i ndáil leo.

(16) Maidir leis an míniú ar “duine den teaghlach” i *bhfo-alt (15)*, folóidh tagairt d’aon duine de theaghlach duine tagairt d’aon duine den sórt sin dá theaghlach nó dá theaghlach atá uchtaithe.

Eagraíochtaí
forordaithe.

5.—(1) Féadfaidh eagraíocht nó comhlacht a sholáthraíonn seirbhísí do leanaí nó do dhaoine soghonta nó dóibh araon ar bhain díobháil, dochar nó damáiste dóibh de dheasca drochúsáid fhisiciúil nó ghnéasach iarratas a dhéanamh chuig an Aire, de réir an ailt seo, ar bheith ina heagraíocht fhorordaithe nó ina eagraíocht fhorordaithe chun críocha *alt 4*.

[2012.] *An tAcht um Cheartas Coiriúil (Faisnéis [Uimh. 24.] faoi Chionta in Aghaidh Leanaí agus Daoine Soghonta a Choimeád Siar)*, 2012.

A.5

(2) Déanfaidh eagraíocht nó comhlacht iarratas faoi *fho-alt (1)* ar an modh a shonróidh an tAire agus beidh ag gabháil leis sonraí i scríbhinn faoi na nithe seo a leanas i ndáil leis an eagraíocht nó leis an gcomhlacht:

- (a) nádúr agus cineál na seirbhísí a sholáthraíonn an eagraíocht nó an comhlacht do leanaí nó do dhaoine soghonta nó dóibh araon;
- (b) líon na leanaí nó na ndaoine soghonta, nó líon na leanaí agus na ndaoine soghonta araon, ar sholáthair an eagraíocht nó an comhlacht seirbhísí dóibh roimh dháta an iarratais ar feadh cibé tréimhse nó tréimhsí a shonróidh an tAire;
- (c) stádas dlíthiúil na heagraíochta nó an chomhlachta; agus
- (d) cód cleachtais (más ann) na heagraíochta nó an chomhlachta (cibé ainm a thugtar air) maidir leis na seirbhísí a sholáthraíonn sí nó sé agus, go háirithe, na nósanna imeachta agus na prótacail atá aici nó aige chun a chinntiú go gcomhlíonfar an tAcht seo.

(3) Más rud é, i ndáil le hiarratas faoi *fho-alt (2)*, gur deimhin leis an Aire, ag féachaint d'fhorálacha *alt 4*, gur cuí déanamh amhlaidh, féadfaidh sé nó sí an eagraíocht nó an comhlacht lena mbaineann a fhorordú mar eagraíocht fhorordaithe chun críocha an ailt sin.

(4) Más rud é, i ndáil le hiarratas faoi *fho-alt (2)*, nach deimhin leis an Aire ag féachaint d'fhorálacha *alt 4* gur cuí an eagraíocht nó an comhlacht lena mbaineann a fhorordú mar eagraíocht fhorordaithe chun críocha an ailt sin, diúltóidh sé nó sí don iarratas.

(5) Déanfaidh an tAire a chinneadh nó a cinneadh i ndáil le hiarratas faoi *fho-alt (2)*, agus na cúiseanna leis an gcinneadh sin, a chur in iúl i scríbhinn don eagraíocht nó don chomhlacht lena mbaineann.

(6) I gcás go mbeidh eagraíocht nó comhlacht forordaithe ag an Aire faoin alt seo chun críocha *alt 4*, féadfaidh an tAire, má tá sé nó sí den tuairim nach cuí a thuilleadh don eagraíocht nó don chomhlacht a bheith forordaithe amhlaidh, forordú sin na heagraíochta nó an chomhlachta a chúlghairm le hordú a dhéanfar faoin bhfo-alt seo chun na críche sin.

(7) Aon uair a bheartóidh an tAire ordú a dhéanamh faoi *fho-alt (6)*, cuirfidh sé nó sí in iúl i scríbhinn don eagraíocht nó don chomhlacht lena mbaineann go bhfuil sé beartaithe aige nó aici ordú a dhéanamh agus na cúiseanna a bheidh aige nó aici leis an ordú sin a dhéanamh agus féadfaidh sé nó sí tréimhse a shonrú chun aighneacht a dhéanamh faoi *fho-alt (8)*.

(8) Féadfaidh eagraíocht nó comhlacht, is eagraíocht nó comhlacht lena mbaineann ordú a bheartaítear a dhéanamh faoi *fho-alt (6)*, aighneacht a dhéanamh chuig an Aire laistigh den tréimhse (más ann) a shonróidh an tAire faoi *fho-alt (7)* maidir leis an ordú ar aighneacht í ina sonrófar na cúiseanna nár cheart an t-ordú a dhéanamh.

(9) Breithneoidh an tAire aon aighneacht a chuirfear faoina bhráid nó faoina bráid faoi *fho-alt (8)* sula ndéanfaidh sé nó sí ordú faoi *fho-alt (6)*.

A.5

[Uimh. 24.] *An tAcht um Cheartas Coiriúil (Faisnéis [2012.] faoi Chionta in Aghaidh Leanaí agus Daoine Soghonta a Choimeád Siar)*, 2012.

(10) San alt seo agus in *alt 6*, ciallaíonn “seirbhísí” seirbhísí a bhaineann le—

- (a) fadhbanna pearsanta, sóisialta nó síceolaíocha a réiteach, trí bhíthin treorach nó comhairliúcháin nó ar shlí eile,
- (b) cúram a thabhairt do dhaoine a bhfuil gá acu le cosaint, treoir nó tacaíocht,

ar seirbhísí iad a n-éilítear ar dhuine a sholáthraíonn iad scil nó breithiúnas a fheidhmiú i ndáil leo.

Daoine forordaithe.

6.—(1) Féadfaidh eagraíocht nó comhlacht a fhorordófar faoi *alt 5*, nó eagraíocht nó comhlacht a dhéanfaidh iarratas go mbeidh sí nó sé forordaithe amhlaidh, ar eagraíocht nó comhlacht í nó é a sholáthraíonn seirbhísí do leanaí nó do dhaoine soghonta nó dóibh araon ar bhain díobháil, dochar nó damáiste dóibh de dheasca drochúsáid fhisiciúil nó ghnéasach, iarratas a dhéanamh chuig an Aire, de réir an ailt seo, go mbeidh aicme nó aicmí daoine atá ar fostú nó ar fruiliú ar shlí eile ag an eagraíocht nó ag an gcomhlacht chun na seirbhísí sin a sholáthar ina ndaoine forordaithe chun críche *alt 4*.

(2) Déanfaidh eagraíocht nó comhlacht iarratas faoi *fho-alt (1)* ar an modh a shonróidh an tAire agus beidh ag gabháil leis sonraí i scríbhinn faoi na nithe seo a leanas i ndáil leis an aicme nó leis na haicmí daoine lena mbaineann:

- (a) cineál agus sórt na seirbhísí a sholáthraíonn na daoine sin do leanaí nó do dhaoine soghonta nó dóibh araon;
- (b) an saineolas agus na cáilíochtaí atá ag na daoine sin chun na seirbhísí sin a sholáthar;
- (c) an creidiúnú nó an deimhniúchán (más ann) atá ag na daoine sin i ndáil leis na seirbhísí sin a sholáthar;
- (d) na socruithe atá i bhfeidhm ag an eagraíocht nó ag an gcomhlacht chun na daoine sin a oiliúint agus a fhorbairt chun na seirbhísí sin a sholáthar; agus
- (e) na nósanna imeachta agus na córais atá i bhfeidhm ag an eagraíocht nó ag an gcomhlacht chun cáilíocht na seirbhísí a sholáthraíonn na daoine sin a mheasúnú.

(3) Ní ceadmhach aicme nó aicmí daoine a bheidh ar fostú nó ar fruiliú ar shlí eile ag eagraíocht nó ag comhlacht a fhorordú faoin alt seo mura bhforordófar an eagraíocht nó an comhlacht faoi *alt 5*.

(4) Más rud é, i ndáil le hiarratas faoi *fho-alt (2)*, gur deimhin leis an Aire ag féachaint d’fhorálacha *alt 4* gur cuí déanamh amhlaidh, féadfaidh sé nó sí an aicme nó na haicmí daoine lena mbaineann, a bheidh ar fostú nó ar fruiliú ar shlí eile ag an eagraíocht nó ag an gcomhlacht chun a cuid seirbhísí nó a chuid seirbhísí a sholáthar, a fhorordú mar dhaoine forordaithe chun críocha an ailt sin, agus go háirithe, beidh an tAire sásta, maidir le daoine den aicme sin nó de na haicmí sin, gur daoine iad atá cáilithe chun na seirbhísí sin a sholáthar agus chun teacht ar thuairim dá dtagraítear i *bhfo-alt (12)* den alt sin i ndáil le leanbh nó duine soghonta san imthoisc dá dtagraítear san *fho-alt* sin.

[2012.] *An tAcht um Cheartas Coiriúil (Faisnéis [Uimh. 24.] faoi Chionta in Aghaidh Leanaí agus Daoine Soghonta a Choimeád Siar)*, 2012.

A.6

(5) Más rud é, i ndáil le hiarratas faoi *fho-alt (2)*, nach deimhin leis an Aire ag féachaint d'fhorálacha *alt 4* gur cuí an aicme nó na haicmí daoine lena mbaineann, a bheidh ar fostú nó ar fruiliú ar shlí eile ag an eagraíocht nó ag an gcomhlacht chun a cuid seirbhísí nó a chuid seirbhísí a sholáthar, a fhorordú mar dhaoine forordaithe chun críocha an ailt sin, diúltóidh sé nó sí don iarratas.

(6) Déanfaidh an tAire a chinneadh nó a cinneadh i ndáil le hiarratas faoi *fho-alt (2)*, agus na cúiseanna leis an gcinneadh sin, a chur in iúl i scríbhinn don eagraíocht nó don chomhlacht lena mbaineann.

(7) I gcás go mbeidh aicme nó aicmí daoine forordaithe ag an Aire faoin alt seo chun críocha *alt 4*, féadfaidh an tAire, má tá sé nó sí den tuairim nach cuí a thuilleadh an aicme nó na haicmí daoine a bheith forordaithe amhlaidh, forordú sin na haicme nó na n-aicmí daoine a chúlghairm le hordú a dhéanfar faoin bhfo-alt seo chun na críche sin.

(8) Aon uair a bheartóidh an tAire ordú a dhéanamh faoi *fho-alt (7)*, cuirfidh sé nó sí in iúl i scríbhinn don eagraíocht nó don chomhlacht lena mbaineann an t-ordú beartaithe go bhfuil sé beartaithe aige nó aici ordú a dhéanamh agus na cúiseanna atá aige nó aici leis an ordú sin a dhéanamh, agus féadfaidh sé nó sí tréimhse a shonrú chun aighneacht a dhéanamh faoi *fho-alt (9)*.

(9) Féadfaidh eagraíocht nó comhlacht lena mbaineann ordú a bheartaítear a dhéanamh faoi *fho-alt (7)* aighneacht a dhéanamh chuig an Aire laistigh den tréimhse (más ann) a shonróidh an tAire faoi *fho-alt (8)* maidir leis an ordú a bheartaítear a dhéanamh ar aighneacht í ina sonrófar na cúiseanna nár cheart an t-ordú a dhéanamh.

(10) Breithneoidh an tAire aon aighneacht a chuirfear faoina bhráid nó faoina bráid faoi *fho-alt (9)* sula ndéanfaidh sé nó sí ordú faoi *fho-alt (7)*.

7.—Aon duine atá ciontach i gcion faoi *alt 2* nó *3*, dlífear—

Pionóis.

- (a) ar é nó í a chiontú go hachomair, fíneáil d'aicme A nó príosúnacht ar feadh téarma nach faide ná 12 mhí nó iad araon, a chur air nó uirthi, nó
- (b) ar é nó í a chiontú ar díotáil, fíneáil nó príosúnacht nó iad araon a chur air nó uirthi de réir thromaíocht an chiona lena mbaineann de chuid Sceideal 1 nó an chiona lena mbaineann de chuid Sceideal 2, de réir mar a bheidh, ar ina leith a mhainnigh an duine faisnéis a bhí aige nó aici a nochtadh a luaithe ab indéanta déanamh amhlaidh do chomhalta den Gharda Síochána, ar an modh seo a leanas:
 - (i) más rud é, maidir leis an gcion lena mbaineann de chuid Sceideal 1 nó maidir leis an gcion lena mbaineann de chuid Sceideal 2, de réir mar a bheidh, gur príosúnacht saoil an phianbhreith uasta ina leith, dlífear príosúnacht ar feadh téarma nach faide ná 10 mbliana a chur air nó uirthi;
 - (ii) más rud é gur cion é ar ina leith a fhéadfar pianbhreith phríosúnachta ar feadh téarma 14 bliana

A.7

[*Uimh. 24.*] *An tAcht um Cheartas Coiriúil (Faisnéis [2012.] faoi Chionta in Aghaidh Leanaí agus Daoine Soghonta a Choimeád Siar), 2012.*

a chur ar dhuine atá láninniúil agus nár ciontaíodh roimhe sin, dlífead príosúnacht ar feadh téarma nach faide ná 7 mbliana a chur air nó uirthi;

(iii) mura cion é a áirítear i *bhfomhír (i)* nó *(ii)* ach más rud é gur cion é ar ina leith a fhéadfar pianbhreith phríosúnachta ar feadh téarma 10 mbliana a chur ar dhuine atá láninniúil agus nár ciontaíodh roimhe sin, dlífead príosúnacht ar feadh téarma nach faide ná 5 bliana a chur air nó uirthi;

(iv) in aon chás eile, dlífead príosúnacht ar feadh téarma nach faide ná 3 bliana a chur air nó uirthi.

Leasú ar alt 9 den Acht um Chiontaí in aghaidh an Stáit (Leasú), 1998.

8.—(1) Leasaítear alt 9 den Acht um Chiontaí in aghaidh an Stáit (Leasú), 1998 trí na fo-ailt seo a leanas a chur in ionad fho-alt (3):

“(3) San alt seo—

ciallaíonn ‘leanbh’ duine nach bhfuil 18 mbliana d’aois slánaithe aige nó aici;

tá le ‘cion tromaí’ an bhrí chéanna atá leis in alt 8 ach ní fholaíonn sé—

(a) faoi réir fho-alt (4), cion a bheidh déanta, nó a mheastar a dhéanfar, in aghaidh linbh, nó

(b) an cion a shonraítear i *mír 1 de Sceideal 2* a ghabhann leis an *Acht um Cheartas Coiriúil (Faisnéis faoi Chionta in aghaidh Leanaí agus Daoine Soghonta a Choimeád Siar), 2012* a bheidh déanta, nó a mheastar a dhéanfar, in aghaidh duine seachas leanbh.

(4) Maidir le haon chion, ní choisfidh aon ní i bhfo-alt (3) an cion sin a bheith ina chion tromaí de bhíthin amháin go mbeidh sé déanta, nó go meastar go ndéanfar é, in aghaidh níos mó ná duine amháin in imthosca inar leanbh ar a laghad duine amháin de na daoine sin agus nach leanbh ar a laghad duine amháin díobh.”.

(2) Maidir leis an leasú ar alt 9 den Acht um Chiontaí in aghaidh an Stáit (Leasú), 1998 a dhéantar le *fo-alt (1)*, ní dhéanfaidh sé—

(a) difear d’oibriú an ailt sin roimhe sin i ndáil leis an gcion faoin alt sin ná d’aon ní a rinneadh nó a fulaingíodh go cúí faoin alt sin,

(b) difear d’aon pionós nó pionósú a forchuireadh nó a rinneadh i leith an chiona sin a rinneadh roimh an leasú sin, nó

(c) dochar ná difear d’aon imeachtaí a bheidh ar feitheamh tráth an leasaithe sin i leith an chiona sin,

a mhéid a bhí feidhm ag an alt sin maidir le faisnéis a bhaineann le nithe a bhfuil feidhm ag an Acht seo maidir leo.

(3) Maidir le haon imeachtaí i leith ciona faoi alt 9 den Acht um Chiontaí in aghaidh an Stáit (Leasú), 1998 a bheidh déanta sula

[2012.] *An tAcht um Cheartas Coiriúil (Faisnéis [Uimh. 24.] faoi Chionta in Aghaidh Leanaí agus Daoine Soghonta a Choimeád Siar)*, 2012.

A.8

dtiocfaidh an leasú a dhéantar le *fo-alt (1)* i bhfeidhm, féadfar iad a thionscnamh, leanúint díobh nó iad a fhorfheidhmiú agus féadfar aon phionós nó pionósú a fhorchur agus a dhéanamh amhail is nach ndearnadh an leasú sin.

9.—Leasaítear alt 16(2) den Acht um Cheartas Coiriúil (Ciorrú Ball Giniúna Baineann), 2012 trí “Sláinte” a chur isteach i ndiaidh “an tAire”.

Leasú ar alt 16(2) den Acht um Cheartas Coiriúil (Ciorrú Ball Giniúna Baineann), 2012.
Orduithe.

10.—(1) Féadfaidh an tAire ordú a dhéanamh lena bhforordófar aon ní nó aon rud dá dtagraítear san Acht seo mar ní nó rud atá forordaithe nó le forordú.

(2) Féadfaidh cibé forálacha teagmhasacha, forlíontacha agus iarmhartacha a bheith in ordú faoin Acht seo is dóigh leis an Aire a bheith riachtanach nó fóirsteanach chun críocha an ordaithe.

(3) Déanfar gach ordú (seachas ordú faoi *alt 12(2)*) faoin Acht seo, a leagan faoi bhráid gach Tí den Oireachtas a luaithe is féidir tar éis a dhéanta agus má dhéanann ceachtar Teach acu sin, laistigh den 21 lá a shuífidh an Teach sin tar éis an t-ordú a leagan faoina bhráid, rún a rith ag neamhniú an ordaithe, beidh an t-ordú ar neamhní dá réir sin ach sin gan dochar do bhailíocht aon ní a rinneadh roimhe sin faoin ordú.

11.—Déanfar na caiteachais a thabhoídh an tAire ag riaradh an Achta seo a íoc, a mhéid a cheadóidh an tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe é, as airgead a sholáthróidh an tOireachtas.

Caiteachais.

12.—(1) Féadfar an tAcht um Cheartas Coiriúil (Faisnéis faoi Chionta in aghaidh Leanaí agus Daoine Soghonta a Choimeád Siar), 2012 a ghairm den Acht seo.

Gearrtheideal agus tosach feidhme.

(2) Tiocfaidh an tAcht seo i ngníomh cibé lá nó laethanta a cheapfaidh an tAire le hordú nó le horduithe i gcoitinne nó faoi threoir aon chríche nó forála áirithe agus féadfar laethanta éagsúla a cheapadh amhlaidh chun críoch éagsúil nó le haghaidh forálacha éagsúla.

[Uimh. 24.] *An tAcht um Cheartas Coiriúil (Faisnéis [2012.] faoi Chionta in Aghaidh Leanaí agus Daoine Soghonta a Choimeád Siar)*, 2012.

Alt 2.

SCEIDEAL 1

CIONTA IN AGHAIDH LEANAÍ CHUN CRÍOCHA CIONA FAOI alt 2

1. Dúnmharú.
2. Dúnorgain.
3. Cion faoin dlí coiteann arb éard é príosúnú neamhdhleathach.
4. Éigniú.
5. Banéigean faoi alt 4 den Acht um an Dlí Coiriúil (Banéigean) (Leasú), 1990.
6. Ionsaí gnéasach.
7. Tromionsaí gnéasach de réir bhrí alt 3 den Acht um an Dlí Coiriúil (Banéigean) (Leasú), 1990.
8. Cion faoi alt 1 den *Punishment of Incest Act, 1908 (incest by males)*.
9. Cion faoi alt 2 den *Punishment of Incest Act, 1908 (incest by females of or over 17 years of age)*.
10. Cion faoi alt 6(1) den Acht um an Dlí Coiriúil (Cionta Gnéasacha), 1993.
11. Cion faoi alt 2 den Acht um an Dlí Coiriúil (Cionta Gnéasacha), 2006 (leanbh atá faoi bhun 15 bliana d'aois a thruailliú).
12. Cion faoi alt 3 den Acht um an Dlí Coiriúil (Cionta Gnéasacha), 2006 (leanbh atá faoi bhun 17 mbliana d'aois a thruailliú).
13. Cion faoi cheachtar foráil de na forálacha seo a leanas den Acht um Gháinneáil ar Leanaí agus Pornagrafaíocht Leanaí, 1998—
 - (a) alt 3 (gáinneáil ar leanaí agus leanbh a ghabháil, etc., chun teacht i dtír gnéasach a dhéanamh air nó uirthi),
 - (b) alt 4 (cead a thabhairt leanbh a úsáid le haghaidh pornagrafaíocht leanaí).
14. Cion faoi alt 2 den Acht um Chionta Gnéasacha (Dlínse), 1996 a mhéid a bhaineann sé le cion a shonraítear sa Sceideal a ghabhann leis an Acht sin agus a shonraítear freisin sa Sceideal seo.
15. Cion faoi aon fhoráil de na forálacha seo a leanas den Acht um an Dlí Coiriúil (Gáinneáil ar Dhaoine), 2008—
 - (a) alt 2 (gáinneáil etc., ar leanaí),
 - (b) alt 5 a mhéid a bhaineann sé le leanbh ar a ndearnadh gáinneáil chun teacht i dtír a dhéanamh air nó uirthi (sireadh nó tathant d'fhonn striapach a dhéanamh de dhuine ar a ndearnadh gáinneáil),

[2012.] *An tAcht um Cheartas Coiriúil (Faisnéis [Uimh. 24.] faoi Chionta in Aghaidh Leanaí agus Daoine Soghonta a Choimeád Siar)*, 2012.

Sc.1

(c) alt 7 a mhéid a bhaineann sé le cion faoi alt 2 den Acht sin nó alt 3 (seachas fo-ailt (2A) agus (2B)) den Acht um Gháinneáil ar Leanaí agus Pornagrafaíocht Leanaí, 1998.

16. Cion faoi alt 249 d'Acht na Leanaí, 2001 (cion gnéasach ar leanbh a chur faoi deara nó a spreagadh).

17. Cion faoi alt 176 den Acht um Cheartas Coiriúil, 2006 (leanaí a chur i mbaol go meargánta).

18. Cion faoi aon fhoráil de na forálacha seo a leanas den Acht um Chionta Neamh-Mharfacha in aghaidh an Duine, 1997—

(a) alt 3 (ionsaí is cúis le díobháil a dhéanamh),

(b) alt 4 (díobháil thromchúiseach a dhéanamh),

(c) alt 5 (bagairtí duine a mharú nó díobháil thromchúiseach a dhéanamh),

(d) alt 13 (cur i gcontúirt),

(e) alt 15 (príosúnú neamhdhleathach),

(f) alt 16 (fuadach linbh ag tuismitheoir, etc.),

(g) alt 17 (fuadach linbh ag daoine eile).

19. Cion faoi alt 246 d'Acht na Leanaí, 2001 (cruálacht ar leanaí).

20. Cion faoi aon fhoráil de na forálacha seo a leanas den Acht um Cheartas Coiriúil (Ciorrú Ball Giniúna Baineann), 2012—

(a) alt 2 (cionta arb éard iad ciorrú ball giniúna baineann, etc.),

(b) alt 3 (cion arb éard é aistriú ón Stát chun críche ciorraithe ball giniúna baineann),

(c) alt 4 (gníomhartha, etc., a dhéantar lasmuigh den Stát).

[Uimh. 24.] *An tAcht um Cheartas Coiriúil (Faisnéis [2012.] faoi Chionta in Aghaidh Leanáí agus Daoine Soghonta a Choimeád Siar)*, 2012.

Alt 3.

SCEIDEAL 2

CIONTA IN AGHAIDH DAOINE SOGHONTA CHUN CRÍOCHA CIONA FAOI
alt 3

1. Cion faoin dlí coiteann arb éard é príosúnú neamhdhleathach.
2. Éigniú.
3. Banéigean faoi alt 4 den Acht um an Dlí Coiriúil (Banéigean) (Leasú), 1990.
4. Ionsaí gnéasach.
5. Tromionsaí gnéasach de réir bhrí alt 3 den Acht um an Dlí Coiriúil (Banéigean) (Leasú), 1990.
6. Cion faoi alt 1 den *Punishment of Incest Act 1908 (incest by males)*.
7. Cion faoi alt 2 den *Punishment of Incest Act 1908 (incest by females of or over 17 years of age)*.
8. Cion faoi cheachtar foráil de na forálacha seo a leanas den Acht um an Dlí Coiriúil (Cionta Gnéasacha), 1993—
 - (a) fo-alt (1) d'alt 5 a mhéid a fhoráiltear leis maidir le cion arb éard é lánúnas collaí a dhéanamh, nó gníomh bugaireachta a dhéanamh, le duine ar a bhfuil mallachar meabhrach de réir bhrí an ailt sin (seachas duine lena bhfuil an ciontóir líomhnaithe pósta nó a greideann sé nó sí le cúis réasúnach go bhfuil sé nó sí pósta léi nó leis),
 - (b) fo-alt (2) d'alt 6 a mhéid a fhoráiltear leis maidir le cion arb éard é sireadh nó tathant a dhéanamh ar dhuine ar a bhfuil mallachar meabhrach de réir bhrí an ailt sin (cibé acu chun críocha striapachais nó nach ea) chun gníomh a dhéanamh ar chion é faoi alt 5(1) (a mhéid a thagraítear dó i *mír (a)*) den Acht sin nó cion dá dtagraítear in alt 2 den Acht um an Dlí Coiriúil (Banéigean) (Leasú), 1990.
9. Cion faoi alt 2 den Acht um Chionta Gnéasacha (Dlínse), 1996 a mhéid a bhaineann sé le cion a shonraítear sa Sceideal a ghabhann leis an Acht sin agus a shonraítear freisin sa Sceideal seo a mhéid a shonraítear amhlaidh é.
10. Cion faoi aon fhoráil de na forálacha seo a leanas den Acht um an Dlí Coiriúil (Gáinneáil ar Dhaoine), 2008—
 - (a) alt 4 (gáinneáil ar dhaoine seachas leanáí),
 - (b) alt 5 a mhéid a bhaineann sé le duine ar ina leith a rinneadh cion faoi fho-alt (1) nó (3) d'alt 4 den Acht sin (sireadh nó tathant d'fhonn striapach a dhéanamh de dhuine ar a ndearnadh gáinneáil),
 - (c) alt 7 a mhéid a bhaineann sé le cion faoi alt 4 den Acht sin.
11. Cion faoi alt 3 den Acht um Chionta Neamh-Mharfacha in aghaidh an Duine, 1997 (ionsaí is cúis le díobháil a dhéanamh).